# Microsoft Forms: Painéal Ionchur Matamaitice, Ceartúchán agus Aiseolas

Áirítear le Microsoft Forms na roghanna: painéal ionchur matamaitice, aiseolas a ionchur, agus ceartúchán uathoibríoch do chineálacha áirithe ceisteanna. Tá painéal ionchuir na matamaitice ar fáil nuair a bhíonn ceisteanna á gcruthú nó nuair a bhíonn freagróirí ag tabhairt freagraí a dteastaíonn nodaireacht nó siombailí matamaitice uathu. Is féidir le scoláirí rochtain a fháil ar cheartúchán agus ar aiseolas láithreach tar éis tráth na gceist a chríochnú, má bhíonn na roghanna seo san áireamh ag an té a chruthaigh an tráth ceisteanna.


## Bain triail as...

Seo thíos nasc chuig tráth na gceist Microsoft Forms a léiríonn úsáid na nodaireachta matamaitice laistigh de thráth na gceist chomh maith le ceartúchán uathoibríoch agus aiseolas. Cuimsíonn an tráth ceisteanna seo ceithre ghné.

1. Chun taithí a fháil ar an bhfeidhmiúlacht, tosaigh trí fhreagraí míchearta a thabhairt ar gach ceann de na ceithre cheist.
2. Ar an scáileán, tar éis na freagraí go léir a thabhairt, roghnaigh TAISPEÁIN TORTHAÍ (VIEW RESULTS) chun roinnt aiseolas láithreach a fháil.
3. Déan an tráth ceisteanna arís, an uair seo ag tabhairt na bhfreagraí cearta, agus féach ar na torthaí. Feicfidh tú gur aithníodh go bhfuil na freagraí ceart anois.

*Tabhair faoi deara nach dtaifeadtar do shonraí pearsanta agus tú ag obair ar an tráth ceisteanna seo.*

**Nasc do Thráth na gCeist**: https://bit.ly/2Ez7S9F




*Íomhá ina bhfuil an leathanach 'Taispeáin Torthaí' le haghaidh freagra mícheart*

## Faigh tuilleadh eolais....

Foghlaim tuilleadh faoin bhfeidhmiúlacht seo i Microsoft Forms trí chuairt a thabhairt ar, https://education.microsoft.com/en-us/course/ac59d6bc/3.